

I dTreo 2016

Nósanna Imeachta Athruithe do Fhionraíocht agus do Bhriseadh as Post do Phríomhoidí

Rannóg 24(3) den Acht Oideachais (1998)

1. Cúlra

Tugann Rannóg 24(3) den Acht Oideachais 1998 an chaoi do bhoird bhainistíochta mhúinteoirí a chur ar fionraí agus a bhriseadh as a bpost. De réir théarmaí *I dTreo 2016* thóg na páirtithe orthu féin atheagrú agus athchruthú a dhéanamh ar na nósanna imeachta i bhfeidhm agus toiliú le nósanna imeachta nua a bheith curtha i bhfeidhm ó thosach na scoilbhliana 2009/2010.

Tá dualgais ar na boird bhainistíochta agus ar an bPríomhoide faoi cháilíocht agus faoi éifeacht an oideachais agus faoi bhainistíocht na foirne mar atá leagtha amach san Acht Oideachais 1998.

Cé nach féidir le haon nós imeachta a bheith deifnídeach faoi raon na gcoinníollacha a fhéadfadh a éirí aníos ar thosú na smachtaithe, go ginearálta sé is dóichí ná go mbeidh siad bainteach le h-iompar, le bagairt ar shláinte agus ar shábháilteacht na mac léinn agus /nó le teip leanúnach ar dhualgais agus ar fhreagrachtaí proifisiúnta a chur i gcrích go mbítear ag súil leo ó Phríomhoidí.

Soláthraíonn na nósanna imeachta seo a leanas gur aontaíodh fúthu, dhá shnáth dhifriúla, neamhspleácha do Phríomhoidí gur chóir a bheith úsáidte ins na coinníollacha cuí:

- Nósanna imeachta a bhaineann le ceisteanna faoi inniúlacht gairme ina ról mar mhúinteoir
- Nósanna Imeachta bhaineann le obair agus le fadhbanna iompair ina ról mar Phríomhoide

Tá na nósanna imeachta ann chun déileáil le gnéithe fostaíochta amháin agus gabhann siad tús áite ar aon nós imeachta smachtaithe atá i bhfeidhm roimh an socrú seo. Tá sé seo gan dochar do phátrúin, atá á soláthar faoi láthair, ag braith ar aon athbhreithniú ar achomhairc dá leithéid.

Baineann gnéithe a bhaineann le clárú leis an Chomhairle Mhúinteoireachta.

Beidh cead ag aon cheann des na páirtithe athbhreithniú a lorg ar na nósanna imeachta fionraíochta agus briseadh seo.

2. Na Prionsabail Ghinearálta a thugann tacaíocht do na nósanna imeachta seo

Lasmuigh de nithe mar chothromaíocht agus an chóir tá sé riachtanach go mbíonn nósanna imeachta inghlactha ann agus i bhfeidhm chun go mbeadh dea-atmaisféar saothair san ionad oibre. Tá nósanna imeachta smachtaithe riachtanach chun a dheimhniú go mbíonn smacht á chur i bhfeidhm san láthair oibre agus go bhfuil sé a chur i bhfeidhm go cothrom, leanúnach.

Tá dhá aidhm ag na nósanna imeachta seo toisc go soláthraíonn siad fráma oibre a chuireann ar a chumas don mbainistíocht caighdeáin sásúla a choimeád agus don lucht oibre rochtain ar nósanna imeachta inar féidir déileáil le líomhaintí nár cloíodh leis na caighdeáin seo go cothrom agus le h-íogair.

Siad na gnéithe is bunúsaí a bhaineann le h-aon nós imeachta a bhaineann le cúrsaí smachtaithe ná go mbeidís réasúnta agus cothrom, go bhfuil an bonn ar a bhfuil an gníomh smachtaithe bunaithe soiléir, go bhfuil an réimse pionós gur féidir a chur i bhfeidhm sainmhínithe go maith agus go bhfuil deis ar athghairm inmheánach ar fail.

Tá gach Príomhoide freagrach go pearsanta as a/iompar/ h-iompar agus as a c(h)uid saothair. Ba mhaith an rud é do gach aoinne dá ndéileálfáí go luath ag an leibhéal cuí le h-iompar a mheastar gan a bheith oiriúnach chun an baol a sheachaint go gcuirfí laicisí i bhfeidhm atá ceadaithe de réir na nósanna imeachta seo.

Déanfaidh an fostóir gach iarracht chun tabhairt faoi laigí saothair nó iompair atá mar líomhaintí, nó samhlaíthe, trí mhodhanna neamhfhoirmiúla seachas dul i muinín nós imeachta foirmiúil smachtaithe.

Más gá, is féidir le Príomhoide a bheith curtha ar shaoire riaracháin le pá iomlán ag feitheamh ar fhiosrú, nó ag braith ar thoradh fiosruithe, nó éisteacht/cruinniú smachtaithe nó ar thoradh éisteachta/fiosruithe.

Tá i gceist go réiteodh na nósanna imeachta le prionsabail ghinearálta na córa nádúrtha agus go ndeimhneoidís:

- *go mbeidh toimhde na neamhchiontachta ann. Ni féidir gníomh smachtaithe a bheith curtha i bhfeidhm go dtionóltar cruinniú foirmiúil smachtaithe agus go bhfuil caoi tugtha don bhfostaí freagra a thabhairt ar na líomhaintí ardaithe*
- *go gcuirfear in iúl, i scríbhinn, don bhfostaí roimh an cruinniú smachtaithe faoi ábhar cruinn na ngnéithe faoi chaibidil agus go dtabharfar cóipeanna de na doiciméid chuí dó. Más gearán, beidh foinse agus teasc an ghearáin mar a fuarthas é san ngné sin. Ba cheart gearán a bheith i scríbhinn*
- *go gcuirfear sonraí na líomhaintí, na ngearán nó gnéithe a bhaineann le inniúlacht gairme ós comhair an Phríomhoide i gceist*
- *go dtabharfar aitheantas i gcónaí don gceart ag an bPríomhoide i gceist teacht air agus scrúdú a dhéanamh ar a c(h)omhad pearsanra (a*

chuirsiúnn gach taifead a bhaineann leis an bPríomhoide atá mar chruachóip nó i bhformáid leictreonach atá i seilbh na scoile)

- *go dtabharfar deis don bPríomhoide i gceist freagra iomlán a thabhairt ar aon cur i leith, gearáin nó cúrsaí inniúlachta gairme dá leithéid*
- *go dtabharfar an chaoi don bPríomhoide i gceist úsáid a bhaint as tacú comhghleacaí nó as ba(i)ll an cheardchumainn*
- *go bhfuil de cheart ag an bPríomhoide i gceist an fhianaise iomlán a scrúdú agus agóid a dhéanamh ina h-aghaidh, nó finnéithe a ghlaoch, nó daoine atá ag tabhairt na fianaise a cheistiú*
- *go bhfuil de cheart ag an bPríomhoide i gceist go ndéanfaí scrúdú cothrom, neamhchlaonta ar na gnéithe faoi chaibidil, ag tógáil san áireamh na líomhaintí nó na gearáin féin, freagra an mhúinteora féin dóibh, aon achainí déanta nó ar son an mhúinteora i gceist agus aon fhianaise, gnéithe nó coinníollacha a bhaineann leis nó atá iomchuí*
- *go bhfuil de dhualgas ag an mbord bainistíochta, mar fhostóir, déileáil go réasúnta agus go cothrom i ngach idirghníomhaíocht leis an bhfoireann agus déileáil le gnéithe a bhaineann le h-iompar nó le h-inniúlacht gairme faoi rún a thugann cosaint do dhínit an Phríomhoide*
- *go bhfuil gach a bhaineann le nós imeachta smachtaithe faoi rún daingean dos na páirtithe agus dá n-ionadaithe*
- *go bhféachfar air mar ábhar smachtaithe do aon duine imeaglú ó brú neamh-chuí a chur ar aon duine a bheadh air freastal mar fhinné*
- *sa chás go dtagtar ar chinneadh smacht bhannaí d'úsáid, beidh an smacht bhanna i gcomhréir le nádúr an iompair/béasa/iompraíochta go raibh de thoradh air smacht bhannaí a bheith curtha i bhfeidhm*
- *go bhfuil na nósanna imeachta seo gan claontacht i gcoinne chirt an Phríomhoide dul i muinín an dlí chun a p(h)ost a chosaint.*

Tabharfar tacaíocht, traenáil agus cabhair réasúnta agus iomchuí. Sa chomhthéacs seo, cuid mhór de fhócas obair na Seirbhísí Cúnta ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal ná comhairle iomchuí agus cabhair a sholáthar do bhainistíocht na scoile agus do mhúinteoirí i gcruthú pleananna feabhsúcháin, agus nuair is cuí, iad a chur i bhfeidhm. Beidh socrúithe déanta, chomh maith, chun soláthar a dhéanamh ar theacht ar na seirbhísí in am tráth, de réir mar atáid ag teastáil.

Ina theannta san is feidir le bainistíocht scoile comhairle a lorg, nuair is gá, ó na boird bhainistíochta chuí ar nithe iomchuí a bhaineann le h-oibríocht na nósanna imeachta aontaithe seo.

Nósanna Imeachta a bhaineann le ceisteanna faoi inniúlacht gairme do Phríomhoidí ina ról mar mhúinteoir

Réamhrá

Faoi mar is gnáth le h-aon ghairm baineann sé leis an bPríomhoide féin, ina ról mar mhúinteoir, ar an gcéad dul síos, caighdeán na múinteoireachta a chothabháil agus aghaidh a thabhairt ar cheisteanna faoi chumas, más ann dóibh, agus nuair atáid ann. Ina theannta san tá sé de dhualgas agus de oibleagáid ar an bPríomhoide deimhin a dhéanamh de go mbaineann sé nó sí úsáid as na deiseanna cabhracha uile chun réiteach d'fháil ar cheisteanna faoi inniúlacht gairme.

Sa chomhthéacs seo glactar leis ina iomlán go gcomhlíonann an chuid is mó des na príomhoidí atá ag múineadh a gcuid dualgais go maith is go h-éifeachtach agus go dtugann siad seirbhís atá i gcomhréir leis an dtraidisiún is fearr múinteoireachta dá bhfuil ann. Mar thoradh air sin aon phróiseas atá dírithe ar cheisteanna faoi inniúlacht gairme níl sé dírithe ach ar bheagán daoine laistigh den gceard. Tá sé amhlaidh, chomh maith, go gcaithfidh próiseas dá leithéid a thuiscint go bhfuil ceisteanna faoi inniúlacht gairme ann ar bhonn sealadach atá tagtha ó ghnéithe pearsanta nó proifisiúnta ná mairfidh ró-fhada.

Tharlódh sé ar uairibh go bhféadfadh ceisteanna bheith ardaithe faoi inniúlacht gairme Príomhoide de bharr gearán ó thuismitheoirí. I gcásanna dá leithéid láimhseálfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta na ceisteanna ar dtús de réir na nósanna imeachta gur aontaíodh leo faoi ghearáin. Déanfaidh an Cathaoirleach plé faoin ngearán sula ndeimhníonn sé ar chóir an cheist a chur faoi bhráid na nósanna imeachta a bhaineann le h-inniúlacht gairme. Má tá an cheist le bheith curtha faoi bhráid na nósanna imeachta a bhaineann le inniúlacht gairme ina dhiaidh sin déarfai leis agus cuirfear an tuismitheoir, a dhein an gearán, ar a eolas faoi iarmhairt an phróisis.

Leanann sé gur chóir an teacht i láthair faoi dhéileáil le ceisteanna faoi inniúlacht gairme a bheith tógtha i gcéimeanna ag imeacht ó chéimeanna neamhfhoirmiúla go céimeanna foirmiúla go mbeadh de thoradh air ag deireadh an phróisis go gcuirfí smacht i bhfeidhm (chomh fada leis, nó b'fhéidir briseadh as an post). Caithfidh sé seo aird a thabhairt, gan dabht, don gceart agus don dualgas ar an mbord bainistíochta gníomhú láithreach i gcás fíor-dhrochiompair nó sa chás go bhfuil bagairt ann do shláinte, do shábháilteacht agus do leas na ndaltaí.

Céim 1

An Céim Neamhfhoirmiúil

- 1.1 Mar atá imlínithe i ranna 22 agus 23 den Acht Oideachais 1998 tá freagracht iomlán ag an mbord bainistíochta as bainistíocht na scoile agus as treorú agus comhairliú na múinteoirí agus as timpeallacht a chruthú atá ag tacú le foghlaim i measc na mac léinn agus a chuireann forbairt phroifisiúnta na múinteoirí chun cinn.
- 1.2 Tá sé beartaithe go réiteofaí fadhbanna a bhaineann le inniúlacht mhúinteoireachta, nuair atá san indéanta, go neamhfhoirmiúil. Chuige sin nuair a bhíonn buairt ar an mbord bainistíochta go bhféadfadh ceisteanna a bheith ann faoi ghnéithe a bhaineann le caighdeáin mhúinteoireachta an Phríomhoide pléifidh an Cathaoirleach na ceisteanna sin leis an bPríomhoide.
- 1.3 Déanfaidh an Cathaoirleach iarracht a fháil i dteannta leis an bPríomhoide cad é an fhadhb/na fadhbanna atá mar bhunús leis seo agus más féidir aontú ar na céimeanna gur gá a thógáil chun an fhadhb a réiteach.
- 1.4 Sa chomhthéacs seo comhairleoidh an Cathaoirleach an Príomhoide faoin dtacaíocht idir inmheánach nó/agus eachtrach atá ar fáil agus déanfaidh sé/sí iarracht lámh chúnta a thabhairt don bPríomhoide teacht ar an dtacaíocht sin. Tharlódh sé go mbeadh an tSeirbhís Chabhrach do Fhostaithe, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna (SFGB), Forbairt Cheannaireachta do Scoileanna (FCS), an tSeirbhís Tacaíochta don Dara Leibhéal (STDLE) agus/nó gníomhaireachtaí eachtracha eile atá iomchuí agus/nó in oiriúint ins na coinníollacha toisc nádúr na ngnéithe faoi leith.
- 1.5 Tá i gceist go réiteofaí na ceisteanna i slí a shásódh an Príomhoide agus go n-aontódh an bheirt acu nach gá a thuilleadh a dhéanamh faoi chúrsaí trí chainteanna idir an Cathaoirleach agus an príomhoide.
- 1.6 Tá sé i gceist go réiteofaí na ceisteanna faoi inniúlacht gairme atá sealadach trí réitigh neamhfhoirmiúla, de ghnáth laistigh de thréimhse thrí mhí, gan na trí mhí saoire san áireamh iontu.
- 1.7 Sá chás gur theip ar an Príomhoide dul i ngleic go deimhneach leis na próisis agus go bhfuil an Cathaoirleach buartha fós faoi inniúlacht ghairme leanúnach cuirfidh an Cathaoirleach in iúl don bPríomhoide go bhfuil i gceist aige an gnó a chur os comhair an bhoird bhainistíochta chun go dtosófaí ar an bpróiseas foirmiúil.
- 1.8 Ag an am seo ba chóir go dtabharfaí cóip des na nósanna imeachta gur aontaíodh fúthu agus tabharfar comhairle dó/di foghlaim mar gheall ar chéimeanna éagsúla nós imeachta go bhféadfaí gaoch orthu agus ar raon na smachtbhannaí ar fáil don mbord bainistíochta.

Céim 2

Tús leis an bpróiseas foirmiúil

- 2.1 Cuirfidh an Cathaoirleach in iúl don mbord faoin mbuairt atá air agus soláthróidh sé tuairisc scríofa dóibh. Tabharfar cóip den dtuairisc ag an am gcéanna don bPríomhoide, agus tabharfar an chaoi dó freagra scríofa a sholáthar mar chuid de phróiseas pléite na faidhbe.
- 2.2 Ag an gcéim seo tá sé oscailte don bPríomhoide glaoch ar Chéim 3 des na próisis seo laistigh de dheich lá scoile tar éis dó an tuairisc a fháil. Má thógann an Príomhoide an cúrsa seo tá sé den dtuiscint láidir nach féidir leis/léi casadh ar ais ar chéim níos luaithe san bpróiseas agus gur féidir leis an mbord bainistíochta dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile mar is cuí.
- 2.3 Ar an dtaobh eile den scéal nuair nach dtógann an Príomhoide an rogha sin pléifidh an bord tuairisc an Chathaoirligh agus aon fhreagra scríofa tugtha ag an bPríomhoide chomh luath agus atá sé praiticiúil. Ag an am seo tabharfar caoi don bPríomhoide labhairt leis an mbord bainistíochta faoin ngné más toil leis/léi. Déanfaidh an bord bainistíochta cinneadh ansin faoi conas dul ar aghaidh. D'fhéadfadh an cinneadh seo bheith mar chúis go bhfaigheadh an bord:
 - Go bhfuil éiginnteacht ann go bhfuil ceist faoi inniúlacht gairme,
 - Go bhfuil go leor cúise ann chun tosú ar an bpróiseas foirmiúil.
- 2.4 Sa chás go bhfuil an Bord den dtuairim go bhfuil go leor cúise ann ordóidh siad don gCathaoirleach an plean feabhsaithe don mhúinteoir i gceist a chur le chéile. Tabharfaidh duine/daoine eachtracha ceaptha ag an mbord ó phainéal comhairleoirí leis an eolas agus leis an dtaithí i ngnéithe dá leithéid cabhair don gCathaoirleach ins na gnéithe seo. Beidh idir Phríomhoidí atá ar scor agus ata fós gníomhach ar an bpainéal. Beidh socruithe oibríochta an phainéil seo aontaithe idir an comhaltas bainistíochta iomchuí agus an ceardchumann.
- 2.5 Buailfidh an Cathaoirleach i dteannta le ball ón bpainéal leis an bPríomhoide i gceist chun an plean feabhsaithe a phlé.
- 2.6 Sainmhíneoidh an plean, i scríbhinn, na laigí dóighiúla atá in inniúlacht gairme an Phríomhoide agus an feabhas go bhfuiltear ag súil leis ón bPríomhoide sin. Leagfaidh sé amach, chomh maith, réimse tacaíochta agus traenála ar fáil don bPríomhoide agus moltaí ar pé acu cinn gur chóir dó/di úsáid a bhaint astu i gcomhthéacs chun feabhas a chur ar a c(h)uid oibre. Beidh fráma ama leagtha síos don bplean feabhsaithe go gcaithfear an feabhas riachtanach a bheith curtha i gcrích laistigh de. Tabharfar tacaíocht iomchuí don gCathaoirleach agus don bPríomhoide i leagan amach an phlean fheabhsaithe.

- 2.7 Cé gurab é dualgas an duine aonarach féin go príomha feabhas a chur ar a c(h)uid oibre tacaíodh agus éascóidh an bord bainistíochta leis an duine aonarach chun an feabhas riachtanach a chur i gcrích.
- 2.8 Sa ghnáth-shlí bheifí ag súil go mbeadh na fadhbanna faoi inniúlacht gairme go bhfuil réiteach riachtanach dóibh leigheasta laistigh den fhráma ama leagtha síos nár chóir a bheith níos lú ná tréimhse thrí mhí gan na laethanta saoire san áireamh. D'fhéadfadh an tréimhse a bheith feabhsaithe ag an gCathaoirleach, faoi phróiseas comhaontú an bhoird bhainistíochta, chun breis ama a cheadú don bPríomhoide an plean feabhsaithe a chur i bhfeidhm.
- 2.9 Nuair a thagann críoch leis an am tugtha don bhfeabhsú tabharfaidh an Cathaoirleach tuairisc don mBord agus don bPríomhoide ag leagan amach a t(h)uairimí faoin dtoradh.
- 2.10 Beidh sé oscailte don gCathaoirleach tuairimí an chomhairleora/na gcomhairleoirí a lorg ag céimeanna 2.8 agus 2.9 thuas.
- 2.11 Sa chás go dtuairiscíonn an gCathaoirleach go bhfuil an feabhas a bhí á lorg tarlaithe deimhneoidh an Bord i scríbhinn don bPríomhoide go bhfuil i gceist acu críoch a chur leis an bpróiseas foirmiúil.
- 2.12 Sa chás go dtuairiscíonn an Cathaoirleach don mBord nach bhfuil an feabhas i gcúrsaí teagaisc tagtha chun cinn tar éis chríoch na tréimhse ceadaithe don bpróiseas seo pléifidh an Bord cúrsaí de réir mar atá leagtha amach thíos.
- 2.13 Tabharfar an chaoi don bPríomhoide freagra as béal agus freagra scríofa a thabhairt mar freagra ar thuairisc an Phríomhoide mar chuid de phróiseas an bhoird ag plé an ruda.
- 2.14 Tar éis plé ar thuairisc an Chathaoirligh agus ar fhreagra an Phríomhoide b'fhéidir go dtógfadh an bord an cinneadh:
- Go bhfuil go leor dul chun cinn déanta ag an bPríomhoide agus go bhfuil an próiseas ag teacht chun deiridh
 - Gur chóir plean an fheabhsaithe do bheith leasaithe
 - Nach bhfuil an dul chun cinn atá riachtanach déanta ag an bPríomhoide

Céim 3 Athbhreithniú Eachtrach

- 3.1 Sa chás go dtagann an bord bainistíochta ar an dtuairim nach bhfuil an feabhas go rabhthas ag súil leis tagtha lorgóidh siad ón bPríomh Cigire go socródh sé athbhreithniú ar shaothar an Phríomhoide i gceist. Cuirfidh an bord bainistíochta an Príomhoide ar a eolas faoi seo ina leithéid de chás. Ba cheart go mbeadh mion-shonraí ar nádúr buartha an Bhoird, ar an dtacaíocht á thabhairt don bPríomhoide, ar an úsáid a bhain an Príomhoide as an dtacaíocht sin agus na h-iarbhartaí ins an achainí le h-aghaidh an athbhreithnithe.
- 3.2 Sula gceadaíonn an Príomh Cigire* an t-athbhreithniú deimhneoidh se/sí go bhfuil an tacaíocht iomchuí soláthraithe don bPríomhoide ag an scoil agus in ainneoin san, go gceaptar go bhfuil obair an Phríomhoide fós mí-shásúil. Is féidir leis an Príomh Cigire breis eolais a lorg ón scoil má cheapann sé/sí go bhfuil gá lena leithéid. Sa chás gur bhain an Príomhoide úsáid as Céim 2 chun Céim 3 den phróiseas a lorg deimhneoidh an cigire é seo dó/di féin sula dtosaíonn sé ar an athbhreithniú.
- 3.3 Soláthrófar na doiciméid uile don bPríomhoide is atá á soláthar don bPríomh Cigire ag an mBord Bainistíochta.
- 3.4 Tá an fheidhm a bhaineann le hathbhreithniú eachtrach atá dílsithe don bPríomh Cigire mar iarmhairt ar an socrú seo agus tá sé deighilte uaidh agus gan claontacht in aghaidh fheidhm reachtúil an Phríomh Cigire mar atá leagtha amach i Roinn a 13 den Acht Oideachais 1998.
- 3.5 Más amhlaidh go dtoilíonn an Príomh Cigire don achainí d'fheadfadh sé/sí pé duine agus pé méid pearsanra a cheapadh chun an t-athbhreithniú a dhéanamh is a cheapann se atá riachtanach chuige. Nuair a cheapann sé duine nó daoine chun an gnó seo a dhéanamh tógfaidh an Príomh Cigire san áireamh go bhfuil sé riachtanach go mbeadh aon duine/daoine atá ceaptha in ann déileáil go h-éifeachtach leis an athbhreithniú.
- 3.6 Tharlódh sé go mbeadh sraith de chuariteanna chuig áit an teagaisc agus na foghlama agus de ghnáth déanfaidh ball/baill den gCigireacht é seo. Beidh cead pé rochtain is gá ag an duine/daoine ceaptha ag an bPríomh Cigire ar ionad an teagaisc agus na foghlama chun tuairim phroifisiúnta ar chumas an Phríomhoide a thabhairt. D'fheadfadh ócáidí a bheith ann, ag braith ar nádúr an cháis i gceist, go mbeadh duine i dteannta le ball/baill na cigireachta, le saineolas faoi leith aige bainteach leis na hábhair bhuartha ardaite ag an mbord bainistíochta. Beidh ball na Cigireachta i gceannas ar phróiseas an athbhreithnithe i ngach cás.
- 3.7 Comhoibreoidh an Príomhoide, atá mar ábhar an athbhreithnithe eachtraigh, ina iomlán le próiseas an athbhreithnithe agus beidh aon teip i gcás comhoibríthe ina ábhar smachtaithe ann féin. D'fheadfadh aon easpa comhoibríthe a bheith tógtha san áireamh acu san i bhfeighil an

athbhreithnithe, ar son an Phríomh Chigire, nuair atáid ag teacht ar chinneadh faoi chúrsaí.

- 3.8 Soláthróidh an duine/na daoine, ceaptha ag an bPríomh Cigire, tuairisc don bPríomh Cigire agus, iar san, cuirfidh sé é ar fáil do bhord bainistíochta na scoile agus don bPríomhoide. Leagfaidh an tuairisc amach na conclúidí gur thángthas orthu faoi na hábhair a bhí ag déanamh tinnis don mbord bainistíochta.
- 3.9 Soláthróidh an bord bainistíochta an chaoi don mhúinteoir freagra scríofa a thabhairt ar thuairisc an Phríomh Chigire laistigh de chúig lá scoile déag ó fuair an Príomhoide an tuairisc.
- 3.10 Cruinneoidh an bord bainistíochta le chéile chun tuairisc an Phríomh Chigire agus freagra an mhúinteora a phlé laistigh de 10 lá scoile ó bhfuair an bord bainistíochta an freagra scríofa ón bPríomhoide. D'fhéadfadh an bord bainistíochta teacht ar chinneadh:
 - nach gá tuilleadh a dhéanamh
 - dul chuig éisteacht smachtaithe

Má thagtar ar an gcinneadh nach gá a thuilleadh a dhéanamh cuirfear é sinn in iúl i scríbhinn don bPríomhoide laistigh de chúig lá scoile

** Tá baill na Cigireachta go bhfuil an fheidhm seo sannta dóibh ag an bPríomh Cigire san áireamh ins an tagairt seo don bPríomh Cigire.*

Céim 4

Éisteacht

- 4.1 Soláthrófar deis don bPríomhoide freastal ar chruinniú den mbord bainistíochta i dteannta le ionadaí/ionadaithe a c(h)éard cumainn nó le comhghleacaí le teorainn de uasmhéid de bheirt ina iomlán.
- 4.2 Tabharfar fógra seacht lá don gcrúinniú, ar a laghad, don bPríomhoide. Ba chóir go luafaí cúis an chruinnithe agus go bhféadfadh ábhar smachtaithe bheith i gceist.
- 4.3 Tabharfar caoi ag an gcrúinniú don bPríomhoide a c(h)ás a phlé ina iomlán agus agóid a dhéanamh in aghaidh aon fhianaise go bhfuiltear ag braith air don bhreith.
- 4.4 Tabharfaidh an bord bainistíochta a bhreithiúnas ar an rud tar éis na h-éisteachta. Nuair a bhíonn sé ag teacht ar an mbreithiúnas seo tógfaidh an bord bainistíochta san áireamh na conclúidí atá leagtha amach i dtuairisc an Phríomh Chigire, aon fhianaise eile agus achainí (más ann dóibh) an Phríomhoide.
- 4.5 Tar éis na h-éisteachta cuirfidh an bord an cinneadh in iúl don bPríomhoide agus faoi aon bheartas smachtaithe atá i gceist acu a chur i bhfeidhm, más é sin toradh a bplé.
- 4.6 Má thagtar ar chinneadh gníomh smachtaithe a chur i bhfeidhm d'fhéadfadh an bord bainistíochta úsáid a bhaint as aon cheann den raon seo a leanas:
 - Nóta cáinte deiridh
 - incrimint a chur ar ath-lá
 - incrimint nó incrimintí a tharraingt siar
 - Fionraíocht (ar feadh tréimhse theoranta agus/nó d'aidhm faoi leith) le pá
 - Fionraíocht (ar feadh tréimhse theoranta agus/nó d'aidhm faoi leith) gan pá
 - Briseadh as an bpost.

Gníomhóidh an bord bainistíochta go réasúnta i ngach cás nuair atáid ag déanamh cinneadh faoi cúrsaí smachtaithe. Ba cheart go mbeadh an smacht a bheith i gcomhréir le nádúr an ghné a bhaineann leis an inniúlacht gairme.

Sa chás go bhfuil gníomh smachtaithe níos lú ná briseadh as an bpost molta beidh athbhreithniú déanta ag an mbord bainistíochta ar an gcás laistigh de thréimhse áirithe chun féachaint an bhfuil gá le breis smachtaithe, nó nach bhfuil.

Céim 5

Achomharc

- 5.1 Beidh an Príomhoide in ann achomharc a dhéanamh i gcoinne bhreith an bhoird bhainistíochta. Beidh éisteacht dá leithéid déanta ag painéal neamhspleách ceaptha ag an mbord bainistíochta.
- 5.2 Tá na nósanna imeachta le h-aghaidh achomhairc don bpainéal neamhspleách leagtha amach in Aguisín A.

Fógra don Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus don Chomhairle Mhúinteoireachta

Cuirfidh an bord bainistíochta an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar a h-eolas faoi nádúr an ghnímh smachtaithe agus toileoidh siad le h-aon riachtanais de chuid na Comhairle Múinteoireachta de réir fhorálacha Roinn 37 de Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001.

Nósanna Imeachta smachtaithe do Phríomhoidí i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha agus i scoileanna pobail agus scoileanna cuimsitheacha

Réamhrá

Forbraíodh agus toilíodh leis an nós imeachta smachtaithe do Phríomhoidí fostaithe i mbunscoileanna, i scoileanna pobail agus cuimsitheacha agus i meánscoileanna deonacha tar éis cainteanna idir an Roinn oideachais agus Eolaíochta, comhaltais bhainistíochta scoile agus ceardchumann múinteoirí aitheanta ag seasamh ar son na múinteoirí ins na ranna seo. Tugann sé aird ar reachtaíocht fostaíochta agus comhad cleachtais an Choimisiúin um Chaidreamh Saothair ar Nós Imeachta Smachtaithe. Gabhann an nós imeachta seo áit na nósanna imeachta smachtaithe uile eile idir áitiúil agus náisiúnta. Cuirfear Príomhoidí agus boird bhainistíochta ar a n-eolas faoin nós imeachta seo agus beidh sé ar a dtoil acu agus cloífidh siad lena chuid téarmaí.

Brollach

Faoi mar is gnáth le h-aon ghairm baineann sé leis an bPríomhoide féin, ar an gcéad dul síos caighdeán na múinteoireachta a chothabháil agus aghaidh a thabhairt ar cheisteanna faoi chumas más ann dóibh, agus nuair atáid ann. Tá gach cuid de ról an Phríomhoide (seachas mar mhúinteoir), mar atá sé leagtha amach ins an Acht Oideachais, i gceist leis an obair sa chomhthéacs seo. Ina theannta san tá sé de dhualgas agus de oibleagáid ar an bPríomhoide deimhin a dhéanamh de go mbaineann sé nó sí úsáid as na deiseanna cabhracha uile chun réiteach d'fháil ar cheisteanna faoi inniúlacht gairme.

Sa chomhthéacs seo glactar leis ina iomlán go gcomhlíonann an chuid is mó des na Príomhoidí a gcuid dualgais go maith is go h-éifeachtach agus go dtugann siad seirbhís atá i gcomhréir leis an dtraidisiún is fearr múinteoireachta dá bhfuil ann. Mar thoradh air sin aon phróiseas atá dírithe ar cheisteanna faoi inniúlacht gairme níl sé dírithe ach ar bheagán daoine laistigh den gceard. Tá sé amhlaidh, chomh maith, go gcaithfidh próiseas dá leithéid a thuiscint go bhfuil ceisteanna faoi inniúlacht gairme ann ar bhonn sealadach atá tagtha ó ghnéithe pearsanta nó proifisiúnta ná mairfidh ró-fhada. Déileálfar go neamhfhoirmiúil le deacrachtaí fánacha nó le mion-easnaimh go neamhfhoirmiúil, más féidir.

Leanann sé gur chóir an teacht i láthair faoi dhéileáil le ceisteanna faoi inniúlacht gairme a bheith tógtha i gcéimeanna ag imeacht ó chéimeanna neamhfhoirmiúla go céimeanna foirmiúla go mbeadh de thoradh air ag deireadh an phróisis go gcuirfí smacht i bhfeidhm (chomh fada leis, nó b'fhéidir briseadh as an post). Cé go leanann cúrsaí smachtaithe na gnáth céimeanna leanúnacha is féidir leis an nós imeachta bheith tosaithe ag an scoil ag aon chéim den phróiseas más é sin is gá chun déileáil leis an mí-iompar líomhanta.

Raon

Tá gach gné de ról an Phríomhoide, mar atá leagtha amach ins an Acht Oideachais 1998 agus in Achtanna eile de chuid an Oireachtais, san áireamh i raon na nósanna imeachta seo. Tá foráil ins an Acht Oideachais 1998, i measc rudaí eile, go mbeidh;

- freagracht ar an bPríomhoide i gcás an treorú atá soláthraithe do mhic léinn ins an scoil agus go gcabhróidh sé/sí, go ginearálta, le h-oideachas agus le forbairt phearsanta na mac léinn ins an scoil san,
- go molfaidh an príomhoide agus go gcothóidh sé/sí foghlaim ins na mic léinn, go ndéanfaidh sé/sí meastóireacht ar mhic léinn go rialta agus go dtuairisceoidh sé/sí torthaí na meastóireachta chuig na mic léinn agus chuig a dtuismitheoirí,
- go gcuirfidh sé/sí comhoibriú chun cinn idir an scoil agus an pobal a fhreastalaíonn sé air, agus go gcomhlíonfaidh sé/sí na dualgais san atá sannta dó/dí ag an mbord bainistíochta faoi phróiseas téarmaí aon chomhaontais,
- go mbeidh an príomhoide freagrach as bainistíocht na scoile ó lá go lá, le comhairliú agus le treorú na múinteoirí agus na foirne eile sa scoil agus bheith freagrach don bhainistíocht,
- go soláthróidh an príomhoide ceannasaíocht dos na múinteoirí, don fhoireann eile agus do mhic léinn na scoile,
- go mbeadh an príomhoide freagrach as cruthú, i dteannta leis an mbord, tuismitheoirí mac léinn agus na múinteoirí, timpeallacht scoile a thugann tacaíocht d'fhoghlaim i measc na mac léinn agus a chuireann forbairt phearsanta múinteoirí chun cinn,
- faoi threorú an bhoird agus i gcomhairle leis na múinteoirí, na tuismitheoirí agus, sa mhéid is atá sé cuí dá n-aois agus dá dtaithe, na mic léinn, aidhmeanna a leagadh síos don scoil agus monatóireacht a dhéanamh ar bhaint amach na n-aidhmeanna seo, agus
- moladh go mbeadh rannpháirtíocht ag tuismitheoirí mac léinn na scoile in oideachas na mac léinn san agus in aidhmeanna na scoile a bhaint amach.

Tá gnéithe faoi chumas inniúlachta mar mhúinteoir lasmuigh de raon an nós imeachta seo agus ba cheart aghaidh a thabhairt orthu trí *Nósanna Imeachta Bainteach le Gnéithe faoi Inniúlacht Gairme do Phríomhoidí ina ról mar mhúinteoir*.

Déileáiltear le líomhaintí maidir le mí-úsáid leanaí mar atá sé sonraithe ins na Treoirínte um Chosaint Leanaí le haghaidh Bhunscoileanna agus Scoileanna Iar-Bhunleibhéal faoi na Treoirínte seo ar an gcéad dul síos.

D'fhéadfadh cásanna a bheith ann, chomh maith, go mbíonn buairt maidir le h-obair nó le h-iompar an Phríomhoide trí ghearáin ó tuismitheoirí. I gcásanna dá leithéid, déileálfadh an Bord Bainistíochta leis na hábhair buartha ar an gcéad dul síos i gcomhréir le nósanna imeachta gearán aontaithe. Breathnóidh an Bord ar nádúr an ghearáin sula ndéanann sé cinneadh faoi an dtiteann an fhadhb atá le bheith breathnaithe faoi na nósanna imeachta a bhaineann le inniúlacht phroifisiúnta. Má tá na nósanna imeachta a bhaineann le inniúlacht phroifisiúnta glaoite ina dhiaidh sin tabharfar comhairle agus eolas faoi sin don tuismitheoir a dhein an gearán agus cuirfear toradh deiridh an phróisis in iúl dó/dí.

An Céim Neamhfhoirmiúil

Tá i gceist go mbeidh fadhbanna a bhaineann le h-obair agus le h-iompar socraithe trí shlite neamhfhoirmiúla nuair is féidir. Chuige seo, pléifidh an Cathaoirleach aon iompar mí-shásúil leis an bPríomhoide i gceist agus cuirfidh sé/sí in iúl dó/di faoi na feabhsúcháin éilithe sa chás go bhfuil an Bord Bainistíochta den dtuairim go bhfuil fadhbanna ann maidir le caighdeáin oibre nó iompair an Phríomhoide. Tabharfar deis don bPríomhoide míniúchán agus ráiteas a thabhairt. Nuair a d'fhéadfadh feabhas teacht gan dul i muinín cúrsaí smachtaithe, tabharfar treoir nuair is cuí agus beidh aird cuí curtha ar an bhfuil an laige ann de bharr coinníollacha pearsanta, sláinte nó teaghlaigh. Sa chomhthéacs seo comhairleoidh an Cathaoirleach an Príomhoide faoin dtacaíocht idir inmheánach nó/agus eachtrach atá ar fáil agus déanfaidh sé/sí iarracht lámh chúnta a thabhairt don bPríomhoide teacht ar an dtacaíocht sin. Tharlódh sé go mbeadh an tSeirbhís Chabhrach do Fhostaithe, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna, Forbairt Cheannaireachta do Scoileanna (FCS), an tSeirbhís Tacaíochta don Dara Leibhéal (STD) agus/nó gníomhaireachtaí eachtracha eile atá iomchuí agus/nó in oiriúint ins na coinníollacha toisc nádúr na ngnéithe faoi leith.

Cuirfear in iúl don bPríomhoide, chomh maith, mura bhfuil an feabhas riachtanach déanta go m-b'fhéidir go rachadh an scéal ar aghaidh chuig an nós imeachta smachtaithe foirmiúil.

Sa chás ná sásaíonn obair nó iompar an Phríomhoide na caighdeáin éilithe, in ainneoin idirghabháil neamhfhoirmiúil mar atá leagtha amach thuas, déileálfar leis an fhadhb faoi an nós imeachta smachtaithe seo a leanas.

Céim 1:

Rabhadh ó Bhéal

Beidh cruinniú smachtaithe foirmiúil leis an bPríomhoide gairthe ag Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta. Tabharfar fógra scríofa de ar a laghad cúig lá scoile faoin gcruinniú don bPríomhoide. Ba chóir go dtabharfadh an fógra cúis an chruinnithe agus nádúr sonrach an ghearáin i dteanna le haon doiciméid tacaíochta. D'fhéadfadh ionadaí ceardchumann nó comhghleacaí oibre a bheith i dteannta leis an bPríomhoide i gceist ag aon chruinniú dá leithéid.

Tabharfar deis don bPríomhoide ag an gcruinniú freagra a thabhairt agus a c(h)ás a thabhairt ina iomlán agus agóid a dhéanamh in aghaidh aon fhianaise atáthar ag braith uirthi don bhreith. Tar éis breathnú a bheith déanta ar an bhfreagra socróidh an Cathaoirleach an gníomh cuí atá le bheith tógtha. Sa chás go bhfuil sé socraithe nach bhfuil gá le haon ghníomh, cuirfear é sin in iúl don bPríomhoide i scríbhinn laistigh de chúig lá scoile. Sa chás go bhfuil sé socraithe go bhfuil gníomh smachtaithe riachtanach ag an gcéim seo cuirfidh an Cathaoirleach in iúl don bPríomhoide go bhfuil rabhadh ó bhéal á thabhairt dó/di. Sa chás go bhfuil rabhadh ó bhéal á thabhairt bá chóir go leagfadh sé síos go soiléir an feabhsú riachtanach agus an scála ama dó. Ba chóir go gcuirfeadh an rabhadh in iúl don bPríomhoide go bhféadfadh breathnú a

bheith déanta ar bhreis gníomh smachtaithe mura bhfuil feabhsú leanúnach sásúil déanta. Tabharfar comhairle don bPríomhoide faoina c(h)eart achomharc a thógáil i gcoinne an ghnímh smachtaithe atá á thógáil agus faoin bpróiseas achomhairc.

Beidh cóip den rabhadh scríofa deiridh coimeáda ar an gcomhad pearsanra ag an gCathaoirleach agus beidh cóip tugtha don bPríomhoide. Beidh an rabhadh scríofa deiridh gníomhach ar feadh tréimhse níos lú ná dhá mhí dhéag agus, ag braith ar sheirbhís sásúil, tiocfaidh deireadh lena éifeacht tar éis deireadh na tréimhse sé mhí. Beidh an taifead tógtha ón gcomhad tar éis na tréimhse sé mhí ag braith ar fheabhsú cuí le linn na tréimhse.

D'fheadfadh ócáidí a bheith ann, áfach, go bhfuil saothar nó iompar an fhostaí sásúil le linn na tréimhse nuair atá an rabhadh i bhfeidhm ach go rachadh sé chun donais an-luath ina dhiaidh sin. Sa chas go dtagann patrún dá leithéid chun cinn agus go bhfuil fianaise ann go bhfuil an bonn tite den bpróiseas smachtaithe, d'fheadfadh iompar an fhostaí cheana agus patrún an iompair sin a bheith tógtha san áireamh i nós imeachta smachtaithe san todhchaí.

Céim 2

An Rabhadh Scríofa

Má tá rabhadh ó bhéal faighte agus má mheasann an Cathaoirleach go bhfuil iompar an Phríomhoide gan a bheith sásúil maidir leis sin éilithe i gCéim 1, beidh cruinniú eagraithe idir an Phríomhoide agus an Cathaoirleach agus oifigeach sinsearach eile ainmnithe ag an mbord bainistíochta. Beidh fógra scríofa de ar a laghad seacht lá den gcruinniú tugtha don bPríomhoide. Ba chóir go luafadh an fógra cúis an chruinnithe agus ábhar sonrach an ghearáin i dteannta le haon doiciméid tacaíochta. D'fheadfadh ionadaí/ionadaithe óna c(h)eardchumainn a bheith i dteannta leis an bPríomhoide i gceist ag aon chruinniú dá leithéid nó comhghleacaí teoranta d'uasmhéid de bheirt ina iomlán.

Ba chóir go mbeadh ráiteas soiléir tugtha don bPríomhoide ag an gcruinniú, faoi an aicme/na haicmí a mheastar ina bhfuil a (h-)iompar mí-shásúil ann. Tabharfar deis don bPríomhoide freagra a thabhairt agus a c(h)ás a thabhairt ina iomlán agus agóid a dhéanamh in aghaidh aon fhianaise atáthar ag braith uirthi don bhreith. Tar éis breathnú a bheith déanta ar an bhfreagra socróidh an Cathaoirleach agus ainmní ón mbord bainistíochta an gníomh cuí atá le bheith tógtha. Sa chás go bhfuil sé socraithe nach bhfuil gá le haon ghníomh, cuirfear in iúl don bPríomhoide i scríbhinn laistigh de chúig lá scoile. Sa chás go bhfuil sé socraithe go bhfuil gníomh smachtaithe riachtanach ag an gcéim seo cuirfear in iúl don bPríomhoide go bhfuil rabhadh ó bhéal á thabhairt dó/di. Sa chás go bhfuil rabhadh scríofa á thabhairt bá chóir go leagfadh sé síos go soiléir an feabhsú riachtanach agus an scála ama dó. Ba chóir go gcuirfeadh an rabhadh scríofa in iúl don bPríomhoide go bhféadfadh breathnú a bheith déanta ar bhreis gníomh smachtaithe mura bhfuil feabhsú leanúnach sásúil déanta. Tabharfar comhairle don bPríomhoide faoina c(h)eart achomharc a thógáil i gcoinne an ghnímh smachtaithe atá á thógáil agus faoin bpróiseas achomhairc.

Beidh cóip den rabhadh scríofa coimeáda ar an gcomhad pearsanra ag an gCathaoirleach agus beidh cóip tugtha don bPríomhoide. Beidh an rabhadh scríofa gníomhach ar feadh tréimhse níos lú ná naoi mí agus, ag braith ar sheirbhís sásúil, tiocfaidh deireadh lena éifeacht tar éis deireadh na tréimhse naoi mí. Beidh an taifead tógtha ón gcomhad tar éis na tréimhse sé mhí ag braith ar fheabhsú cuí le linn na tréimhse.

D'fhéadfadh cásanna a bheith ann, áfach, go bhfuil obair nó iompar an fhostaí sásúil le linn na tréimhse go bhfuil an rabhadh i bhfeidhm, ach, go rachadh sé chun donais go han luath ina dhiaidh san. Sa chás go dtarlaíonn patrún dá leithéid, agus go bhfuil fianaise ann go bhfuil na cosa dá dtógáil ón bpróiseas smachtaithe, d'fhéadfadh plé iomlán a bheith déanta ar iompar agus ar phatrún iompair cheana an fhostaí i nós imeachta smachtaithe sa todhcháí.

Céim 3:

An Rabhadh Scríofa Deiridh

Má tá rabhadh scríofa faighte, agus ma thugann an Cathaoirleach faoi ndeara nach bhfuil iompar an Phríomhoide thar moladh beirte, nó gur tharla cion níos tromchúisí fós socrófar cruinniú idir an Príomhoide agus an Cathaoirleach go bhfuil ainmní de chuid an Bhoird Bhainistíochta ina theannta. Ba chóir go dtabharfaí fógra seacht lá scoile, i scríbhinn, faoin gcruinniú don bPríomhoide. Ba chóir go luafadh an fógra cúis an chruinnithe agus nádúr sonrach an ghearáin mar aon le h-aon doiciméid tacúla. Is féidir leis an bPríomhoide i gceist a bheith á thionlacan ag a (h-)ionadaí/ionadaithe nó ag a c(h)omhghleacaí(aithe) teoranta do uasmhéid de bheirt ina iomlán.

Ba chóir go mbeadh ráiteas soiléir tugtha don bPríomhoide ag an gcruinniú, faoi an aicme/na haicmí a mheastar ina bhfuil a (h-)iompar mí-shásúil ann. Beidh deis tugtha don bPríomhoide freagra a thabhairt ar agus a c(h)ás a phlé ina iomlán agus agóid a dhéanamh in aghaidh aon fhianaise atáthar ag braith uirthi le haghaidh bhreithe. Tar éis plé a dhéanamh ar an bhfreagra socróidh an Cathaoirleach agus ainmní an Bhoird Bainistíochta an ghníomh chuí atá le bheith tógtha. Sa chás go socraítear ná fuil aon ghníomh smachtaithe riachtanach, cuirfear é sin in iúl don bPríomhoide i scríbhinn laistigh de chúig lá scoile. Sa chás go bhfuil sé socraithe go bhfuil gníomh smachtaithe riachtanach ag an gcéim seo, cuirfear in iúl don bPríomhoide go bhfuil sé/sí ag fáil rabhadh scríofa deiridh. Sa chás go bhfuil rabhadh scríofa deiridh tugtha, ba chóir go leagfadh sé síos go soiléir an feabhsú atá riachtanach agus an scála ama le haghaidh an fheabhsaithe. Ba chóir go gcuirfeadh an rabhadh scríofa deiridh in iúl don bPríomhoide go bhféadfadh plé a bheith déanta ar ghníomh smachtaithe breise mura bhfuil aon fheabhas sásúil tarlaithe. Cuirfear in iúl don bPríomhoide faoina c(h)eart achomharc á thógáil i gcoinne an ghnímh smachtaithe atá á tógáil agus faoin bpróiseas achomhairc.

Beidh cóip den rabhadh scríofa coimeáda ar an gcomhad pearsanra ag an gCathaoirleach agus beidh cóip tugtha don bPríomhoide. Beidh an rabhadh scríofa gníomhach ar feadh tréimhse níos lú ná dhá mhí déag agus, ag braith ar sheirbhís sásúil, tiocfaidh deireadh lena éifeacht tar éis deireadh na tréimhse dhá mhí dhéag. Beidh an taifead tógtha ón gcomhad tar éis na tréimhse dhá mhí dhéag ag braith ar fheabhsú cuí le linn na tréimhse.

Céim 4:

Má mheastar gur lean an droch obair nó an mí-iompar tar éis eisiúna an rabhadh scríofa deiridh nó go bhfuil an fhadhb oibre nó an t-iompar tromchúiseach, beidh tuairisc chuimsitheach ar fhíricí an cháis ullmhaithe ag an gCathaoirleach agus curtha ar aghaidh chuig an mbord bainistíochta. Beidh cóip tugtha don bPríomhoide.

Pléifidh an bord bainistíochta an rud agus lorgóidh sé tuairimí an Phríomhoide, i scríbhinn, ar an dtuairisc ullmhaithe ag an gCathaoirleach. Tabharfaidh an bord bainistíochta caoi don bPríomhoide léiriú foirmiúil dá c(h)ás a dhéanamh. Ba chóir go dtabharfaí fógra scríofa de deich lá scoile, ar a laghad, don bPríomhoide faoin gcruinniú. Ba chóir go luafadh an tuairisc cúis an chruinnithe agus sain-nádúr an ghearáin agus tabharfar aon doiciméid tacaíochta don bPríomhoide. Is féidir leis an bPríomhoide i gceist do bheith á thionlacan ag cruinniú dá leithéid ag ionadaí/ionadaithe dá c(h)eardachumainn nó le duine dá c(h)omhghleacaí teoranta do bheirt ina iomlán. Tabharfar an chaoi don bPríomhoide freagra a thabhairt agus a c(h)ás a phlé ina iomlán agus agóid a dhéanamh in aghaidh aon fhianaise go bhfuiltear ag braith air le h-aghaidh an bhreith agus caoi a thabhairt dó/di freagra a thabhairt. Tar éis dó plé a dhéanamh ar an bhfreagra déanfaidh an bord bainistíochta cinneadh ar cad ba cheart a dhéanamh. Sa chás go gcinntear nár ghá aon ní do bheith déanta cuirfear é sin in iúl don bPríomhoide i scríbhinn laistigh de chúig lá scoile. Nuair a déantar cinneadh i ndiaidh ná h-éisteachta gur chóir tuilleadh gníomh smachtaithe a bheith tógtha d'fhéadfadh an bord bainistíochta úsáid a bhaint as aon cheann des na roghanna seo a leanas;

- incrimint ar athlá
- tarraingt siar incrimint nó incrimintí
- ísliú ghráid (cailliúint liúntais an Phríomhoide)
- gníomh smachtaithe eile seachas fionraíocht nó briseadh as post
- Fionraíocht (do thréimhse theoranta agus/nó do chúis sonracha) le pá
- Fionraíocht (do thréimhse theoranta agus/nó do chúis sonracha)
- briseadh as post

Gníomhóidh an bord bainistíochta go réasúnta i ngach cás nuair atá sé ag déanamh a aigne suas faoin ngníomh smachtaithe cuí. Ba chóir go mbeadh nádúr an ghnímh smachtaithe comhréireach leis an fhadhb oibre nó iompair go raibh smachtbhanna leagtha síos dá bharr.

Nuair atá smachtbhannaí nach briseadh as post iad molta déanfaidh an mbord bainistíochta athbhreithniú ar an gcás laistigh de am faoi leith chun a dhéanamh amach an bhfuil bhreis gníomh smachtaithe ag teastáil, nó nach bhfuil.

Mí-Iompar Tromchúiseach

Sa chás go bhfuil mí-iompar tromchúiseach ag obair nó go bhfuil baol ann do shláinte agus sábháilteacht na leanaí nó pearsanra eile sa scoil, ní bheidh na céimeanna thuas i gceist de ghnáth agus d'fhéadfadh Príomhoide a bheith briste as a phost gan aon bhaint a bheith leis na céimeanna thuasluaite.

Seo a leanas roinnt samplaí de chiontaí mí-iompar tromchúiseacha go bhféadfadh sé tarlú ná beadh ceann, nó gach ceann, de nós imeachta smachtaithe Céim 1 go 3 i gceist, ag braith ar chomh holc is atá an chion líomhanta.

- Goid.
- Damáiste d'aon ghnó do shealúchas na scoile.
- Calaois nó falsú, d'aon gnó, doiciméad.
- Mór-fhaillí nó dearóiliú dualgas.
- Diúltú cloí le treoir dhlísteanaigh le iarmhairtí tromchúiseach mar thoradh air.
- Neamhábaltacht tromchúiseach nó leanúnach dualgais a chomhlíonadh de bharr a bheith faoi thionchar alcóil, drugaí neamh-oideas nó mí-úsáid leigheas oidis.
- Briseadh tromchúiseach rialacha sláinte & sábháilteachta.
- Drochúsáid/mí-úsáid sealúchas/trealamh na scoile.
- Briseanna tromchúiseacha rúndachta.
- Bulaíocht tromchúiseach, gnéaschiapadh nó ciapadh i gcoinne fostaí, mac léinn nó baill eile de phobal na scoile.
- Iompar foréigneach/toirmeascach.
- Íoslódáil/scaipeadh ábhar gáirsiúil ón idirlíon.
- Ciorclú ríomhphoist nó téacsanna ionsaithe, gáirsiúil nó gránna.

Nóta: níl san thuas uileghabhálach.

Mar a bhaineann leis an rannóg seo, d'fhéadfadh mí-iompar tromchúiseach a bheith bainteach, chomh maith, le gníomh, nó le gníomh líomhanta, a tharla, lasmuigh den scoil, sa chás go raibh gníomh dá leithéid, nó gníomh líomhanta, ina bhuairt tromchúiseach don POF/CGO maidir le sláinte agus sábháilteacht na mac léinn agus/nó foireann na scoile.

Má tá líomhain de mí-iompar tromchúiseach ann, d'fhéadfadh an Príomhoide a bheith ar fhionraíocht ar phá iomlán faid is atáthar ag feitheamh le fiosrú agus le conclúid aon phróiseas achomhairc.

Tá ceart ag an bPríomhoide, le linn cúrsa na fiosraithe, na líomhaintí a bheith curtha faoina bhráid agus tá ceart aige/aici freagra a thabhairt ar na líomhaintí go léir. Má chruthaíonn an fiosrú an cás faoin mhí-iompar tromchúiseach, is é an gnáth-thoradh ná briseadh as an bpost.

Céim 4

Achomharc

Beidh sé oscailte don bPríomhoide achomharc a thógáil i gcoinne na ngníomh smachtaithe molta. Sa chás go bhfuil smachtbhanna leagtha síos ag Céim 2 agus/nó Céim 3 des na nósanna imeachta seo, beidh achomharc dá leithéid cloiste ag an mbord bainistíochta. Sa chás go bhfuil smachtbhanna leagtha síos faoi céim 4 den nós imeachta, beidh an t-achomharc chuig painéal achomhairc smachtaithe ceaptha ag an mbord bainistíochta.

Is iad na nósanna imeachta le haghaidh achomharc a dhéanamh ná mar atá sé leagtha amach in Aguisín A.

Fógra chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus chuig an Chomhairle Mhúinteoireachta

Cuirfidh an Bord Bainistíochta in iúl don Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoi nádúr an ghnímh smachtaithe agus cloífidh sé le haon riachtanais de chuid na Comhairle Múinteoireachta i gcomhréir le forálacha Rannóg 37 de Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta.

Aguisín A

Painéal Achomhairc Smachtaithe Múinteoirí

1. Ceapfaidh an bord bainistíochta Painéal Achomhairc Smachtaithe Múinteoirí ina mbeidh;
 - Cathaoirleach neamhspleách ó phainéal ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta
 - Ionadaí ón chomhaltas bainistíochta aitheanta
 - Ainmní ó cheard cumainn an mhúinteora i gceist
2. Ní cheapfar aon bhall don Phainéal chun plé a dhéanamh ar chás a cuireadh go dtí an Painéal, go raibh suim aige/aice roimhe nó a bhí ag déileáil leis an gcás sin go speisialta.

Próiseas Achomhairc

3. Is féidir le Príomhoide achomhairc a lorg ar imeachtaí smachtaithe ar bhonn ceann amháin nó níos mó des na cúiseanna seo a leanas:
 - i. níor cloíodh le forálacha na n-imeachtaí a aontaíodh fúthu
 - ii ní bhfuarthas amach na fíricí uile
 - iii níor pléadh na fíricí uile nó níor pléadh iad go réasúnta
 - iv níor tugadh deis réasúnta don bPríomhoide i gceist freagra a thabhairt ar an líomhain
 - v ní bheifí ag súil go dtuigfeadh an Phríomhoide i gceist go réasúnta go leanfadh triail smachtaithe an t-iompar líomhanta
 - vi bhí an smacht molta neamhréir leis an lag-fheidhmíocht nó leis an drochiompar líomhanta
4. Is féidir le Príomhoide, go bhfuil sé ráite leis/léi gníomh smachtaithe gníomh do bheith á thógáil ina c(h)oinne, achainí i scríbhinn a dhéanamh, laistigh de 10 lá tar éis fhógra an chinnidh, go ndéanfaidh an Painéal athbhreithniú ar na himeachtaí smachtaithe.
5. Mura bhfuil aon achainí dá leithéid déanta ag an bPríomhoide i gceist laistigh de thréimhse 10 lá scoile d'fhéadfadh an t-údarás cuí leanúint ar aghaidh leis an ngníomh smachtaithe molta.

6. Nuair a iarann Príomhoide go ndéanfaí athbhreithniú ar imeachtaí smachtaithe ag an bPainéal déanfar na haighneachtaí seo a leanas;
 - i ráiteas scríofa ag an bPríomhoide i gceist faoi na cúiseanna go bhfuil an t-athbhreithniú á lorg, le bheith tugtha don bPainéal agus don bhfostaí laistigh de 10 lá scoile de aighniú an iarratais le h-aghaidh an achomhairc thuasluaite.
 - ii frith-ráiteas scríofa ag an bhfostóir, le bheith aighnithe don bPainéal agus don bPríomhoide i gceist laistigh de 10 lá scoile ón am a fuair an fostóir ráiteas an mhúinteora thuasluaite.
 - iii aon aighne eile a lorgódh an Painéal ón mhúinteoir i gceist, nó ón údarás cuí, sa bhformáid agus laistigh de pé am a leagfaidh an Painéal amach ina achainí
7. D'fhéadfadh an Painéal achainí a lorg ar athbhreithniú ar na himeachtaí smachtaithe sa chás;
 - i go dteipeann ar an bPríomhoide i gceist an t-aighniú atá á lorg de réir alt a 6 thuas laistigh den dtréimhse ama ceart, nó
 - ii go mbíonn an Painéal den dtuairim, nuair atá plé déanta acu ar na haighneachtaí déanta de réir alt a 6 i thuas, go bhfuil an cás déanta ag an bPríomhoide i gceist, seafóideach, achrannach, nó gan substaint nó bunús.
8. Nuair a thugann an Painéal droim lámhe don achainí is féidir leis an bhfostóir leanúint ar aghaidh le téarmaí an nós imeachta seo mar nach raibh aon achainí déanta.
9. Sa chás go mbeartaíonn an Painéal athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta smachtaithe tar éis dóibh machnamh a dhéanamh ar na haighneachtaí, socróidh sé dáta don éisteacht laistigh de 20 lá scoile tar éis don bPainéal achainí d'fháil ar athbhreithniú.
10. Is féidir leis an bPainéal, gan beann ar aoinne eile, cuireadh a thabhairt do aon duine fianaise a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn. Pléifidh an Painéal agus déanfaidh siad cinneadh ar aon achainí ó aon pháirtí eile bainteach leis an nós imeachta fianaise a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn.
11. Tá an Príomhoide ag déanamh an achomhairc i dteideal, más mian leis nó léi, aighneachtaí ó bhéal a dhéanamh don bPainéal é féin nó trí mhúinteoir atá ag múineadh faoi láthair, trí oifigeach/oifigigh lán aimsire an cheard chumainn go bhfuil aitheantas aige dá g(h)rád nó trí aon duine eile go n-aontaíonn an Painéal go bhfuil cead aige/aice bheith i láthair don ngnó sin.
12. Tá na daoine seo a leanas i dteideal a bheith i láthair san áit a bhuaileann an Painéal le chéile d'fhonn fianaise ó bhéal a thógáil nó chun éisteacht le haighneachtaí ó bhéal;

- i an Príomhoide i gceist
 - ii aon duine/daoine de réir alt a 11 thuas atá i dteideal aighneachtaí a dhéanamh ar son an Phríomhoide i gceist
 - iii Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta agus ball reatha an bhoird, ainmnithe chun cabhrú le Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.
 - iv aon duine eile go dtoilíonn an Painéal a bheith i láthair.
13. Beidh imeachtaí os comhair an Phainéil neamhfhoirmiúil.
14. Tar éis dóibh aon fhiosruithe a cheapann siad atá riachtanach agus tar éis dóibh plé a dhéanamh ar aon aighneachtaí déanta nó ar aon fhianaise tugtha tiocfaidh an Painéal ar chinneadh i dtaobh an bhfuil, nó nach bhfuil, bunús ann le h-athbhreithniú a bheith déanta ar an gcás agus eiseoidh siad a dtuairim laistigh de deich lá scoile ón éisteacht do Chathaoirleach an bhoird bhainistíochta, don bPríomhoide i gceist agus a gcuid ionadaithe.
15. Sa chás gurab é atá sa tuairim sin go bhfuil cás dá leithéid déanta ag an bPríomhoide i gceist, is féidir leis an Painéal, gan beann ar aoinne eile, a mholadh don mbord bainistíochta;
- i nár chóir aon rud eile a dhéanamh faoin ní, nó
 - ii gur chóir an gníomh smachtaithe tógtha ag an mbord a bheith athruithe i slí faoi leith, nó
 - iii gur chóir ath-mhachnamh a bheith déanta ag an mbord bainistíochta faoin gcás chun easnamh faoi leith ins na nósanna imeachta smachtaithe a leigheas (agus iar sin beidh forálacha an Chomhaid seo fós i bhfeidhm)
16. Sa chás gurab é an tuairim nach bhfuil cás dá leithéid cruthaithe leanfaidh an bord bainistíochta ar aghaidh leis an ngníomh smachtaithe.
17. Ba cheart cinneadh ar ghníomh smachtaithe a bheith curtha in iúl i scríbhinn don mhúinteoir i gceist agus dá (h)ionadaí. Sa chás nach bhfuil aon ní eile le bheith déanta glactar leis go bhfuil an líomhain tarraingthe siar.
18. Tá an cinneadh deiridh i leith mholadh an phainéil achomhairc i lámha an bhoird bhainistíochta a leagfaidh amach i scríbhinn an bunús atá lena chinneadh.